# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2105 ÓN gCOIMISIÚN

## an 28 Meán Fómhair 2021

## lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta trí mhodheolaíocht a shainiú chun caiteachas sóisialta a thuairisciú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([1]), go háirithe Airteagail 29(4), pointe (b) agus 33 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ("an tSaoráid") tacaíocht airgeadais éifeachtach shuntasach a sholáthar chun dlús a chur le cur chun feidhme athchóirithe inbhuanaithe agus infheistíochtaí poiblí gaolmhara sna Ballstáit. Is ionstraim thiomnaithe í an tSaoráid atá ceaptha dul i ngleic le héifeachtaí agus iarmhairtí díobhálacha sóisialta agus eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 san Aontas.

(2) Leis an tSaoráid, tacaítear le téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta agus rannchuidítear léi, i measc nithe eile, leis an mbochtaineacht agus an neamhionannas a chomhrac, le dul i ngleic leis an dífhostaíocht, le poist ardcháilíochta agus sheasmhacha a chruthú, agus le feabhas a chur ar bheartais don chéad ghlúin eile, lena n-áirítear beartais i dtaca le hoideachas agus oiliúint.

(3) Leis an tSaoráid, tacófar, go háirithe, leis na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le tionscnaimh Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Aontais sa réimse fostaíochta, oideachais, sláinte agus sóisialta, go háirithe Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([2]) agus an Moladh maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE) ([3]), an Teachtaireacht ar Thacaíocht Fostaíochta don Aos Óg ([4]) agus an Moladh maidir le Nasc chuig Poist – An Ráthaíocht don Aos Óg a Neartú ([5]), an Moladh maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) ar mhaithe leis an iomaíochas inbhuanaithe, an chothroime shóisialta, agus an athléimneacht ([6]), an Moladh maidir leis an Ráthaíocht Eorpach don Leanbh a bhunú ([7]), an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 ([8]), an Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht ([9]), an Limistéar Eorpach Oideachais ([10]) agus an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach ([11]), Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Frithchiníochas 2020-2025 ([12]), creat straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach ([13]), an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 ([14]), an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 ([15]), an teachtaireacht maidir le hAontas Sláinte de chuid na hEorpa a chur ar bun ([16]), an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip ([17]), agus Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac ([18]).

---

([1]) IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
([2]) (COM/2021/102 final, 4.3.2021)
([3]) Commission Recommendation (EU) 2021/402 of 4 March 2021 on an effective active support to employment following the COVID-19 crisis [Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/402 an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (IO L 80, 8.3.2021, lch. 1)
([4]) Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions: [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún:] Youth Employment Support, a Bridge to Jobs for the Next Generation [Ag Tacú leis an bhFostaíocht do Dhaoine Óga: Nasc leis an bhFostaíocht don Chéad Ghlúin Eile] (COM(2020) 276 final, 1.7.2020)
([5]) Council Recommendation of 30 October 2020 on A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee and replacing the Council Recommendation of 22 April 2013 on establishing a Youth Guarantee [Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc chuig Poist – An Ráthaíocht don Aos Óg a Neartú a ghabhann ionad ar Mholadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú] (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1)
([6]) Council Recommendation of 24 November 2020 on vocational education and training (VET) for sustainable competitiveness, social fairness and resilience [Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) ar mhaithe leis an iomaíochas inbhuanaithe, an chothroime shóisialta, agus an athléimneacht] (IO C 417, 2.12.2020, p. 1)
([7]) Atá le glacadh ag an gComhairle (COM(2021) 137 final, 24.3.2021)
([8]) (COM(2021) 101 final, 3.3.2021)
([9]) (COM(2020) 274 final, 1.7.2020)
([10]) Council Resolution on a strategic framework for European cooperation in education and training towards the European Education Area and beyond [Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn] (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, p. 1)
([11]) (COM(2020) 624 final, 30.9.2020)
([12]) (COM(2020) 565 final, 18.9.2020)
([13]) (COM(2020) 620 final, 7.10.2020)
([14]) (COM(2020) 152 final, 5.3.2020)
([15]) (COM(2020) 698 final, 12.11.2020)
([16]) (COM(2020) 724 final, 11.11.2020)
([17]) (COM/2020) 761 final, 25.11.2020)
([18]) (COM(2021) 44 final, 3.2.2021)

(4) Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go mbeifí in ann tuairisciú a dhéanamh ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí, arna maoiniú ag an tSaoráid, a bhfuil gné shóisialta ag baint leo. De bhun Airteagal 29(4), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241, sainmhíneoidh an Coimisiún modheolaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas sóisialta, lena n-áirítear caiteachas i dtaca le leanaí agus an t-aos óg, faoin tSaoráid.

(5) De bhun Airteagal 31(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart go n-áireofaí sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faisnéis ar chaiteachas arna maoiniú ag an tSaoráid faoi na sé colúin dá dtagraítear in Airteagal 3 di, lena gcuimsítear caiteachas sóisialta, lena n-áirítear caiteachas i dtaca le leanaí agus an t-aos óg.

(6) Ba cheart dhá chéim a bheith sa mhodheolaíocht: ar an gcéad dul síos, maidir le gach athchóiriú agus infheistíocht, a bhfuil príomhghné shóisialta ag baint leis agus a áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta Ballstáit, ba cheart don Choimisiún é a cheangal, i gcomhairle leis an mBallstát sin i gcás inar gá, le ceann amháin de na naoi gcinn de réimsí beartais shóisialta a chuimsítear faoi cheithre chatagóir shóisialta níos leithne a leagtar amach san Iarscríbhinn; ar an dara dul síos, ba cheart clibeáil a dhéanamh ar gach beart de chineál sóisialta lena ndírítear ar leanaí agus an t-aos óg, agus ar an gcomhionannas inscne freisin, de bhrí go leagtar béim ar chomhionannas inscne i Rialachán (AE) 2021/241, rud a éascóidh tuairisciú sonrach ar chaiteachas atá dírithe ar leanaí agus an t-aos óg agus ar an gcomhionannas inscne chomh maith.

(7) De bhrí gur cheart don mhodheolaíocht chaiteachais phoiblí a bheith ag feidhmiú faoi 31 Nollaig 2021 agus ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhíniú ar an Modheolaíocht**

1. Maidir le caiteachas sóisialta faoin tSaoráid, lena n-áirítear caiteachas i dtaca le leanaí agus an t-aos óg, agus i dtaca le comhionannas inscne, bunófar an mhodheolaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar an gcaiteachas sin ar an gcaiteachas measta arna sholáthar sna pleananna formheasta téarnaimh agus athléimneachta agus ar na céimeanna a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4.

2. Ceanglófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena mbaineann príomhghné shóisialta le ceann amháin de na naoi gcinn de réimsí beartais shóisialta a leagtar amach san Iarscríbhinn. Nascfar gach réimse beartais shóisialta le catagóir shóisialta níos leithne. Ní fhéadfar athchóiriú nó infheistíocht a cheangal ach le réimse beartais shóisialta amháin, agus dá bhrí sin ní fhéadfar é a cheangal ach le catagóir shóisialta amháin.

3. Clibeálfar gach beart de chineál sóisialta lena ndírítear ar leanaí agus an t-aos óg, rud a éascóidh tuairisciú sonrach ina dhiaidh sin ar chaiteachas faoin tSaoráid ar leanaí agus an t-aos óg.

4. Clibeálfar gach beart de chineál sóisialta lena ndírítear ar chomhionannas inscne, rud a éascóidh tuairisciú sonrach ina dhiaidh sin ar chaiteachas faoin tSaoráid ar chomhionannas inscne.

5. Maidir leis na réimsí beartais shóisialta agus na catagóir shóisialta, agus na clibeanna chun sainaithint a dhéanamh ar bhearta de chineál sóisialta lena ndírítear ar leanaí agus an t-aos óg agus ar an gcomhionannas inscne, dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, is iad sin na cinn a leagtar amach san Iarscríbhinn.

6. Bainfidh an Coimisiún úsáid as an modheolaíocht sin sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 31(3) de Rialachán (AE) 2021/241 chun faisnéis a sholáthar ar an gcaiteachas sóisialta, lena n-áirítear i dtaca le leanaí agus an t-aos óg, agus i dtaca le comhionannas inscne, arna maoiniú ag an tSaoráid.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Modheolaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas sóisialta, lena n-áirítear caiteachas i dtaca le leanaí agus an óige, agus i dtaca le comhionannas inscne**

1. Sannfaidh an Coimisiún **gach beart lena mbaineann príomhghné shóisialta go heisiach do réimse amháin de na naoi gcinn a leanas a bhaineann le beartas sóisialta**:

| **Naoi réimse beartais laistigh de na ceithre phríomhchatagóir shóisialta** |
|---|
| **Catagóir Shóisialta: Fostaíocht agus Scileanna** |
| 1. Foghlaim Aosach, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint; aithint agus bailíochtú scileanna |
| 2. Tacaíocht fostaíochta agus cruthú post, lena n-áirítear dreasachtaí earcaíochta, dreasachtaí le haghaidh aistriú gairmiúil agus tacaíocht don fhéinfhostaíocht |
| 3. Nuachóiriú institiúidí margaidh saothair, lena n-áirítear bonneagar, seirbhísí fostaíochta agus réamhaisnéis scileanna agus cigireachtaí saothair; cosaint agus eagrú fostaíochta; idirphlé sóisialta agus sásraí socraithe pá; oiriúnú ionad oibre |
| **Catagóir Shóisialta: Oideachas agus cúram leanaí** |
| 4. Oideachas agus cúram na luathóige: inrochtaineacht, inacmhainneacht, caighdeán agus cuimsitheacht, lena n-áirítear digitiú agus bonneagar |
| 5. Oideachas ginearálta, gairmoideachas agus ardoideachas: inrochtaineacht, inacmhainneacht, caighdeán agus cuimsitheacht, lena n-áirítear digitiú agus bonneagar |
| **Catagóir Shóisialta: Cúram sláinte agus cúram fadtéarmach** |
| 6. Cúram Sláinte: athléimneacht, inbhuanaitheacht, leorgacht, infhaighteacht, inacmhainneacht agus caighdeán, lena n-áirítear digitiú agus bonneagar |
| 7. Cúram fadtéarmach: athléimneacht, inbhuanaitheacht, leorgacht, infhaighteacht, inacmhainneacht agus caighdeán, lena n-áirítear digitiú agus bonneagar |
| **Catagóir Shóisialta: Beartais Shóisialta** |
| 8. Tithíocht shóisialta agus bonneagar sóisialta eile |
| 9. Cosaint shóisialta, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus comhtháthú grúpaí leochaileacha |

2. Maidir le gach beart de chineál sóisialta lena ndírítear ar **leanaí agus an t-aos óg**, sannfaidh an Coimisiún clib le haghaidh tuairisciú sonrach ar chaiteachas faoin tSaoráid ar leanaí agus an t-aos óg.

3. Maidir le gach beart de chineál sóisialta lena ndírítear ar **chomhionannas inscne**, sannfaidh an Coimisiún clib le haghaidh tuairisciú sonrach ar chaiteachas faoin tSaoráid ar chomhionannas inscne.